**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2007

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

# CEOL – GNÁTHLEIBHÉAL
## CUMADÓIREACHT (100 marc)
## DÉARDAOIN 21 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 3.30

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na Marcanna

| CEIST | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- *Scríobhtar do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- *Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa fhreagarleabhar seo.*
- *Is féidir leas a bhaint as na spásanna i lár agus i ndeireadh an fhreagarleabhair do shracobair.*

| | |
|---|---|
| **1. Suim na n-iomlán deireadh leathanaigh** | |
| **2. Móriomlán na gceisteanna nár ceadaíodh** | |
| **3. An t-ollmharc cruinn a bronnadh (1 lúide 2)** | |

**LEATHANACH BÁN**

**Freagair DHÁ cheist – CEANN AMHÁIN as Roinn A (Cumadóireacht Séise) agus CEANN AMHÁIN as Roinn B (Armóin)**

## ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (40 Marc)

*Gan ach CEIST AMHÁIN a fhreagairt sa roinn seo: C1 nó C2 nó C3. Tabhair faoi deara go bhfuil dhá chuid i C1 agus C3 araon.*


### C.1 LEANÚINT D'OSCAILT A THUGTAR

I gcás (a) *agus* (b) araon,

- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
- Cuir isteach comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis oiriúnach do gach ceann de do shéiseanna as an liosta a thugtar:

(a) ❒ fliúit ❒ cláirnéid ❒ trumpa ❒ fliúit Shasanach fhorshéise




*AGUS*

(b) ❒ fliúit ❒ cláirnéid ❒ trumpa ❒ fliúit Shasanach fhorshéise



**(40)**

## C.2 CEOL A CHUR LE TÉACS A THUGTAR

Seo a leanas sliocht as an dán *Micilín Muc*. Ní fios cé a chum.


Chuaigh Micilín Muc ar an aonach lá,

Ar an aonach lá, ar an aonach lá.

Chuaigh Micilín Muc ar an aonach lá,

Hí, hó, Micilín Muc.

- Cuireadh rithim leis an dá líne thosaigh. Cum rithim a oireann do na focail eile.





Chu-aigh Mi - ci - lín Muc ar an aon - ach lá,

Hí, hó, Mi - ci - lín Muc.

- Agus tú ag baint úsáide as an rithim seo, cum séis ocht mbarra, ag tosú mar atá léirithe agus ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.

- Cuir isteach comharthaí mírithe agus mothúchán cuí leis an tséis.




**(40)**

**C.3 CUMADÓIREACHT DO RITHIM NÓ DO MHEADARACHT NÓ D'FHOIRM DAMHSA A THUGTAR**

Freagair (a) *agus* (b).

(a) Déan staidéar ar an oscailt minite seo.

• Comhlánaigh an chéad mhír.

• Cum mír a fhreagraíonn di, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.

• Cuir míriú agus dinimic chuí leis an tséis.

• Roghnaigh uirlis oiriúnach le haghaidh do shéise as an liosta seo a leanas:

❒ fliúit ❒ cláirnéid ❒ trumpa ❒ fliúit Shasanach fhorshéise




*AGUS*

(b) Déan staidéar ar an oscailt gabhóide seo.

• Comhlánaigh an chéad mhír.

• Cum mír a fhreagraíonn di, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.

• Cuir míriú agus dinimic chuí leis an tséis.

• Roghnaigh uirlis oiriúnach le haghaidh do shéise as an liosta seo a leanas:

❒ fliúit ❒ cláirnéid ❒ trumpa ❒ fliúit Shasanach fhorshéise




**(40)**


## ROINN B – ARMÓIN (60 marc)

*Gan ach* CEIST AMHÁIN *a fhreagairt sa roinn seo*: C4 *nó* C5 *nó* C6

### C.4 CUMADÓIREACHT NÓTAÍ SÉISE AGUS DOIRD Ó SHRAITH CORDAÍ


RÉAMHOBAIR

- Scríobh amach scála mhórghléas F ar an gcliath thíos:



- Rianaigh na cordaí atá ar fáil sa ghléas seo (I, ii, IV, V, agus vi) i ngreille an chordbhainc *nó* ar an gcliath thíos.
  Tugtar an chéad chorda.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | C<br>A<br>F | | E<br>C<br>A | | | | B♭<br>G<br>E |
| Siombail an chorda | F | | Am | | | | Edim |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |




**SRACOBAIR**

• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo a leanas.

• Agus tú ag baint úsáide as na rithimí a thugtar, cuir isteach nótaí séise agus doird chun na dúntaí agus na réamhchordaí a chomhlánú mar seo a leanas:


(i) Ag A, LÁNDÚNADH le réamhchorda (IV – V – I)

(ii) Ag B, dúnadh BRISTE le réamhchorda (ii – V – vi)

(iii) Ag C, LEATHDHÚNADH le réamhchorda (IV – ii – V)

(iv) Ag D, dúnadh TÁNAISTEACH le réamhchorda (vi – IV – I)

**A**



**B**



**C**



**D**




**(60)**

**C.5 DORDNÓTAÍ AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUR ISTEACH AG POINTÍ DÚNTA**


RÉAMHOBAIR

- Scríobh amach scála mhórghléas D ar an gcliath thíos:



- Rianaigh na cordaí atá ar fáil sa ghléas seo (I, ii, IV, V, agus vi) i ngreille an chordbhainc *nó* ar an gcliath thíos. Tugtar an chéad chorda.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | A<br>F♯<br>D | | C♯<br>A<br>F♯ | | | | G<br>E<br>C♯ |
| Siombail an chorda | D | | F♯m | | | | C♯ dim |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |




**SRACOBAIR**

• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo a leanas.

• Cuir isteach nótaí doird agus comharthaí corda cuí chun na dúntaí ag A, B, C agus D a chomhlánú.

• Is féidir úsáid a bhaint as siombailí corda *nó* uimhreacha Rómhánacha, ach ná baintear úsáid astu araon.

• Má roghnaíonn tú uimhreacha Rómhánacha, bain úsáid as na *mionuimhreacha* do *mhion*chordaí (ii, vi).





**(60)**

**C.6 NÓTAÍ FORSHÉISE AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUR ISTEACH AG POINTÍ DÚNTA**


RÉAMHOBAIR

- Scríobh amach scála mhórghléas B♭ ar an gcliath thíos:



- Rianaigh na cordaí atá ar fáil sa ghléas seo (I, ii, IV, V, agus vi) i ngreille an chordbhainc *nó* ar an gcliath thíos. Tugtar an chéad chorda.

| Nótaí an chorda | F<br>D<br>B♭ | | A<br>F<br>D | | | | E♭<br>C<br>A |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail an chorda | B♭ | | Dm | | | | Adim |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |




**SRACOBAIR**

• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo a leanas.

• Comhlánaigh na mírdheirí ag cur cordaí oiriúnacha agus nótaí forshéise leo ag A, B, C agus D.

• Is féidir úsáid a bhaint as siombailí corda *nó* uimhreacha Rómhánacha, ach ná baintear úsáid astu araon.

• Má roghnaíonn tú uimhreacha Rómhánacha, bain úsáid as na *mionuimhreacha* do na *mion*chordaí (ii, vi).




**(60)**

**LEATHANACH BÁN**